8 Bothar Gealdruim,
Bre,
Co. Chill Mhantain.
21 Marta 1992

Seán Mac Pháidin,
Na Dúnaibh,
Tír Chonaill.

A Dhuine uasail,

Is é Pádraig Ua Cnáimhsí a thug t'ainm dom bliain ó shin agus a d'inis dom go raibh tú pósta ar iníon le Antoine Ó Dochartaigh a d'éag 20 Deireadh Fomhair 1932.

Tá beirt againn ag iarraidh beathaí Gaeilgeoiri, tuairim 500 diobh san iomlán, a mhair idir 1882 agus 1982, a scríobh i bhfoirm foclóra beathaisnéise. Tá péire imleabhar foilsithe againn cheana féin.

Tá cuid mhaith eolais i dtaobh Antoine bailithe againn. Níl a dháta breithe againn (lá, mí, bliain) ná ainm a athar. B'fhéidir gur roimh 1864 a rugadh é agus nach bhfuil teacht ar theastas breithe. Theip ar an gcláraitheoir i Sraith an Urlair a ainm a aimsiú. Ba í Róise Nic a Bhaird a mháthair, chomh fada is is eol dúinn.

Eolas eile atá ~~againn~~ uainn: ar phós sé faoi dhó agus cad a b'ainm don chéad bhean agus don dara bean ? Bhí a chéad bhean marbh roimh dhaonáireamh 1901, má bhí sé pósta roimhe sin.

Dúirt Pádraig linn freisin go mbeadh eolas agat, b'fhéidir, ar Shéamas Mac a Bhaird (d'éag 19 Nollaig 1951). An t-eolas atá uainn cén t-ainm agus sloinne a bhí ar a mháthair agus cen sloinne a bhi ar a bhean cheile ? Teresa ab ainm di. Tá an t-eolas seo iarrta agam ar an gCláraitheoir i Leitir Ceanainn agus b'fhéidir go mbeadh sé in ann é a thabhairt dom.

Ní chuirfinn an trioblóid seo ort ach tá fhios agam go dtuigfidh tú gurb obair náisiúnta í seo, 'sé sin, eolas a chur ar fáil don phobal faoi na daoine go léir a rinne a ndícheall ar son na teanga, go mbeadh fhios cér dhíobh iad, agus go bhfoilseofaí buneolas pearsanta ina dtaobh.

Beir bua is beannacht,

Diarmuid Breathnach